Rang Comhrá - Geandáil Ghasta

- Cuir na daltaí ina seasamh.
- Roinn an rang ina dhá chuid: scrúdaitheoirí / daltaí
- Tabhair amach trí cheist an duine do gach scrúdaitheoir.
- Cuir an dá líne ag seasamh os comhair a chéile ansin.
- Bíodh feadóg nó gléas éigin agat chun torann a dhéanamh.
- Abair leo go mbeidh orthu na ceisteanna a fhaigheann siad a chur ar an duine os a gcomhair amach.
- Ach nuair a shéidtear an fheadóg, caithfidh siad bogadh ar aghaidh!
- Ní bhíonn ach líne na ndaltaí ag bogadh, fanann na scrúdaitheoirí san áit ina bhfuil siad.
- Ba chóir go gcuimhneodh an scrúdaitheoir ar roinnt de na freagraí a dtugtar mar go mbeidh an múinteoir ag cur ceisteanna ar na scrúdaitheoirí ag deireadh an tseisiúin.

Is straitéis iontach í seo chun na daltaí a chur ar a suaimhneas le caint os comhair a chéile ag tús na bliana mar bíonn gach duine ag caint ag an am céanna. Tabharfaidh sé níos mó muiníne dóibh triail a bhaint as labhairt. Diaidh ar ndiaidh rachaidh siad i dtaithí ar an labhairt. **Bí an-dian ar aon Bhéarlóireacht!!**

Rang Comhrá

– Cleachtadh ar Cheistiúchán

-Tugann sé seo deis do na daltaí go léir sa rang cleachtadh a fháil ar cheisteanna a chur agus a fhreagairt

- Cabhróidh an ceacht seo le tuiscint na ndaltaí ar fhreagairt cheisteanna an scrúdaitheora & tabharfaidh sé deis cainte/ cleachtaidh do gach duine sa rang

RÓL AN SCRÚDAITHEORA

Bain úsáid as seo chun díriú ar cheistiúchán / cruinneas na ndaltaí ar fhreagairt cheisteanna an scrúdaitheora in aimsirí faoi leith. [Tá an sampla seo déanta san Aimsir Chaite.]

- Cuir na daltaí i ngrúpaí de bheirteanna agus bíodh duine amháin mar scrúdaitheoir agus an dalta eile ag freagairt cheisteanna an scrúdaitheora.
- Tabhair amach ceisteanna an scrúdaitheora 1 don duine a bheidh mar scrúdaitheoir don chéad 10 nóiméad.
- Ba chóir dhá liosta de cheisteanna an scrúdaitheora a bheith agat, 10 gceist ar fad ach bíodh siad difriúil.
- Iarr ar gach scrúdaitheoir cúpla nóta a bhreacadh ar chárta na marcanna. *[ní oirfidh an ghné seo do gach rang; mura n-oireann, déan an ceacht gan é]*
- Bheadh sé ina chabhair mhór an tasc seo a úsáid agus tú ag clúdach na dtopaicí - Mo Chaitheamh Aimsire/ Laethanta Saoire /An Aimsir Chaite. *[Bíodh na topaicí clúdaithe go maith sa rang sula dtugann tú faoin tasc seo nó caillfidh na daltaí muinín/suim ann]*
- Bheadh sé cabhrach dá dtabharfá amach cóip de chárta sracfhéachana 1 – Na Briathra Rialta san Aimsir Chaite do gach dalta.
- Tar éis 10 nóiméad, bíodh seisiún aiseolais agaibh, an múinteoir ag cur ceisteanna ar na scrúdaitheoirí éagsúla.
- Ansin athraigh na róil, bíodh an scrúdaitheoir anois ina dhalta agus an dalta ina scrúdaitheoir. Tabhair amach an dara liosta ceisteanna do na scrúdaitheoirí.
- Tabhair 10 nóiméad dóibh chun na ceisteanna a chur agus a fhreagairt.
- Beidh gach duine ag caint agus mar sin beidh neart gleo sa seomra; b'fhiú comhartha a chrochadh ar do dhoras –

CLEACHTADH BÉIL

AR SIÚL INNIU!!

A.

1. An raibh tú ar saoire anuraidh?
2. An ndeachaigh tú chuig féile cheoil riamh?
3. An bhfuair tú bronntanais mhaithe le haghaidh do bhreithlae anuraidh?
4. An ndearna tú aon rud suimiúil ag an deireadh seachtaine?
5. An bhfaca tú scannán maith le déanaí?

B.

1. An raibh post páirtaimseartha agat anuraidh?
2. Cad a rinne tú an samhradh seo caite?
3. Ar fhreastail tú ar cheolchoirm riamh?
4. Cad a rinne tú le haghaidh do bhreithlae an bhliain seo caite?
5. An bhfaca tú an Nuacht aréir?

Cárta na Marcanna

	✓	✗
D'úsáid an dalta an briathar ceart san fhreagra		
Bhí an dalta an-chainteach		
D'úsáid sé/sí go leor frásaí deasa		
D'úsáid sé/sí seanfhocal nó dhó		
Thuig an dalta an cheist		
Bhí an dalta in ann é/í féin a chur in iúl – bhí gach focal a theastaigh uaidh ag an dalta		